An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

Seachtain Mhata na hÉireann

Cosán Mata Fíorúil

Treoracha

1. Féach ar an mapa. Roghnaigh stad. Léigh na ceisteanna don stad sin.
2. Cliceáil ar an gcomhartha ar an mapa chun físeán den stad a fháil.
3. Pléigh do smaointe le do ghrúpa.
4. Scríobh na freagraí sa spás ar an mbileog oibre.
5. Roghnaigh stad eile nuair a bheidh tú réidh.
6. Bain taitneamh as! Coinnigh súil amach don mhata ar fad atá le feiceáil.

Plaic

- Sórtáil na litreacha ar an bplaic.
- Cé mhéad bealach is féidir leat iad a shórtáil?
- Céard iad na litreacha atá siméadracht acu?
- An bhfuil níos mó ná líne amháin siméadrachta ag aon litir.

Máirtín Ó Cadhain

- Déan meastachán ar airde Mháirtín.
- Cé mhéad saghas cnaipí is féidir leat a fháil?
- Cé mhéad uimhir phríomha is féidir leat a fháil?

Ardán Ardaithe

- Cé mhéad cruth éagsúil is féidir leat a fheiceáil?
- Céard iad na cruthanna atá in ann teisliú. Mínigh do fhreagra.
- Déan meastachán ar líon iomlán na mblocanna ar an ardán.
- Cén straitéis a d'úsáid tú?

Ardán Ardaithe (ar lean)

- Cad iad na straitéisí eile a d'fhéadfá a úsáid?
- Cén patrún is féidir leat a fheiceáil?
- Déan cur síos ar do phatrúin.
- Déan meastachán ar imlíne an chiorcail.
- Déan meastachán ar achar an chiorcail.

Plaic Chomórtha

- Cé acu díobh ba shine nuair a fuair siad bás?
- Sórtáil na huimhreacha. Cé mhéad bealach is féidir leat iad a shórtáil?
- Cén uimhir atá corr (nár chóir a bheith sa tacar)? Mínigh do fhreagra.
- Cén figiúr is minicí ata ann?

Meaisíní Aclaíochta

- Déan cur síos ar na siméadrachtaí a fheiceann tú.
- Liostaigh na cruthanna 2T agus 3T atá le feiceáil.
- Tarraing na cruthanna 2T a fheiceann tú. An féidir leat iad a rangú?

Léarscáil (Slí Chonamara)

- Cé chomh fada is atá an bealach?
- Cá bhfuil an pointe leathbhealaigh? Conas atá a fhios agat?
- Cé chomh fada a thógfaidh sé an bealach a shiúl?

Léarscáil (ar lean)

- Cé chomh tapa agus atá tú ag siúl?
- Cén luas?
- Déan meastachán ar cá fhad a thógfadh sé an bealach a rith.
- Mínigh do chuid smaointeoireachta.
- Cad é an cóimheas dathanna ar an léarscáil?

Sconsa Rópa

- Déan meastachán ar fhad an rópa ghlais. Mínigh an straitéis a d'úsáid tú.
- Cén tagarmharc a d'úsáid tú?
- An bhfuil na claonais rópa ar fad mar an gcéanna? Mínigh do smaointeoireacht.

Sconsa Rópa (ar lean)

- An bhfuil na cuaillí go léir an fad céanna óna chéile?
- Cén fáth a gceapann tú é seo?
- Cad é an difríocht airde idir an cuaille is giorra agus an cuaille is airde?

Carraigeacha

- Cé mhéad cineál éin is féidir leat a fheiceáil? An féidir leat iad a ainmniú?
- Cén cineál éin is coitianta?
- Cén codán nó céatadán den spéir atá clúdaithe le scamaill? An mbeidh an freagra seo i gcónaí mar an gcéanna?

Céibh

- Déan meastachán ar líon iomlán na ndaoine a d'fhéadfadh na báid sa chéibh a iompar. Mínigh do smaointeoireacht.
- Déan meastachán ar cé chomh hard is a bheadh na tonnta chun go mbeadh an cosán faoi uisce.

Céibh (ar lean)

- An bhfuil níos mó ceanglóirí nua nó seanchinn ann?
- Conas atá a fhios agat?
- Cén ceann is fearr leat? Cén fáth?

Clochar

- Cé na cruthanna is féidir leat a fheiceáil ar na foirgnimh?
- Cé mhéad cineál éagsúil triantáin is féidir leat a fheiceáil?
- Cé na línte is féidir leat a fheiceáil?
- Cé mhéad uillinn éagsúil is féidir leat a fheiceáil?
- Cé na codáin is féidir leat a fheiceáil?

Bord Picnice

- Cén tsiméadracht is féidir leat a fheiceáil?
- Cé mhéad duine a d'fhéadfadh suí ag an mbord? Mínigh do smaointeoireacht.
- Cad é cóimheas an suíochán is faide leis an gceann is giorra?
- Cé mhéad cineáil líné is féidir leat a fheiceáil?

Deireadh an Chosáin

- Déan meastachán ar airde an lampa.
- Cad iad na polagáin a fheiceann tú ar an lampa?
- An bhfuil na sorcóirí ar na comharthaí comhthreomhar?
- Mínigh do smaointeoireacht.

Deireadh an Chosáin (ar lean)

- Ar an gcomhartha miotail "Seanchéibh an Spidéil", cé mhéad uillinn éagsúil is féidir leat a fheiceáil?
- Déan rangú ar na cineálacha uillinneacha a fheiceann tú.